C/2026/2337

22.4.2026

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12422 — LONE STAR FUNDS / CAPSUGEL BELGIUM / CAPSUGEL SWITZERLAND / CAPSUGEL HOLDINGS US)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2026/2337)

1. An 14 Aibreán 2026, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— Lone Star Fund XII, L.P. ('Lone Star Funds'), faoi rialú Lone Star Global Acquisitions, Ltd., (Stáit Aontaithe Mheiriceá),

— Capsugel Belgium NV; Capsugel Switzerland AG; agus Capsugel Holdings US Inc. (in éineacht le gach ceann dá bhfochuideachtaí, 'Lonza CHI Business') (an Bheilg, an Eilvéis, agus Stáit Aontaithe Mheiriceá, faoi seach).

Gheobhaidh cleamhnaithe Lone Star Funds rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Lonza CHI Business ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is cuideachta cothromais phríobháidigh Mheiriceánach é Lone Star Funds a chuireann comhairle ar chistí a infheistíonn ar fud an domhain i réadmhaoin, cothromas, creidmheas agus sócmhainní airgeadais eile,

— Is táirgeoir meicníochtaí seachadta dáileog béil soladach do na tionscail chógaisíochta agus nútraiceodacha é Lonza CHI Business, a thairgeann capsúil chrua fholmha agus sainseirbhísí forbartha agus eagrúcháin monaraíochta, chomh maith le comhábhair sláinte.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12422 — LONE STAR FUNDS / CAPSUGEL BELGIUM / CAPSUGEL SWITZERLAND / CAPSUGEL HOLDINGS US

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Seoladh Ríomhphoist: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË